


FOLÚNTAS

# Bainisteoir Tionscadal

Aonad: Seirbhísí um Chlaochlú Digiteach
Tagairt: ECDC/FGIV/2023/DTS-PM

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú don fholúntas thuasluaite chun tacú le tionscadal an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS). Tá sé beartaithe ag ECDC freisin liosta ionadaithe a bhunú, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Cuireann EWRS ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh agus na n-údarás sláinte poiblí i mBallstáit AE/LEE a bheith i mbuanchumarsáid chun críche ullmhachta, luathrabhaidh agus freagartha, agus chun na bearta a chinneadh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Tacaíonn ECDC leis an gCoimisiún Eorpach an t-ardán a fheidhmiú agus a fhorbairt. Is é an bunús atá ag EWRS leis an Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[1], ar ghlac an Chomhairle é an 23 Samhain 2022, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253 ón gCoimisiún[2].

Féachann an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht ó ECDC, le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar EWRS chun a úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a mhéadú agus é ag déileáil le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte.

Ina theannta sin, tá ardán forbartha ag ECDC, ar a dtugtar EpiPulse, atá ceaptha chun sonraí eipidéimeolaíocha atá nasctha le himeachtaí galar teagmhálach a bhailiú agus a thuairisciú, chun na himeachtaí sin a dhoiciméadú agus a bhainistiú agus chun tuarascálacha laethúla agus seachtainiúla a tháirgeadh ina ndéantar cur síos ar bhagairtí leanúnacha maidir le galair theagmhálacha. Comhlánaíonn EpiPulse córas EWRS agus tá sé á nascadh le EWRS chun go

[1] EUR-Lex – 32022R2371 – GA – EUR-Lex (europa.eu)

[2] EUR-Lex – 32017D0253 – EN – EUR-Lex (europa.eu)

mbeidh rochtain ag an dá chóras ar fhaisnéis eipidéimeolaíoch fíor-ama maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Tuairisceoidh an sealbhóir poist don Ghrúpcheannaire Córais Faisnéise Sláinte Poiblí san Aonad um Chlaochlú Digiteach (DTS) agus beidh sé nó sí ag bainistiú thionscadal an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS).

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Tionscadal agus táirgí EWRS a chomhordú agus a bhainistiú trí gach céim den saolré ó cheapadh, forbairt, tástáil agus cur chun feidhme go dtí imscaradh agus cothabháil;
- Oibriú go dlúth le Bainisteoir Táirgí EWRS agus le hÚinéirí Gnó;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí ábhartha in ECDC, in DG SANTE agus sna Ballstáit chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'úinéirí gnó ina róil maidir le rialachas tionscadal, mar a comhaontaíodh le Bainisteoir Táirgí EWRS;
- Rannchuidiú le cuspóirí an Aonaid DTS trí phlean oibre bliantúil agus ilbhliantúil EWRS agus a chur chun feidhme a fhorbairt;
- Na táirgí insoláthartha EWRS agus doiciméadú ginearálta a tháirgeadh agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir spriocdhátaí comhaontaithe agus caighdeán cáilíochta DTS;
- Acmhainní daonna agus airgeadais an tionscadail, mar aon le pleanáil agus sceidealú, a bhainistiú de réir riachtanas gnó;
- Pleananna oibre mionsonraithe an tionscadail a fhorbairt, lena n-áirítear struchtúir maidir le miondealú na hoibre;
- Gníomhaíochtaí na foirne tionscadail a chomhordú;
- Bainistiú rianúil na dtionscadal agus na dtáirgí sannta a éascú;
- Athruithe EWRS, Tacaíocht Tríú Leibhéal agus Cothabháil Ceartúcháin a bhainistiú agus conarthaí seirbhíse a ullmhú i gcomhar le foireann tionscadail agus soláthraithe seirbhíse seachtracha;
- Ceanglais tuairiscithe agus Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibríochta na rannóige a chomhlíonadh;
- Próisis cháilíochta agus modheolaíochtaí tionscadail DTS a chur chun feidhme i ngach tionscadal agus táirge;
- Dea-chaidreamh comhoibríoch a chothú le custaiméirí agus le baill foirne tionscadail;
- Saincheisteanna a réiteach ar an gcéad dul síos agus iad a chur ar aghaidh, más gá, chuig an mbainisteoir líne nó chuig bainisteoirí líne, agus réitigh fhéideartha a mholadh;
- Aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre, de réir mar a iarrtar air/uirthi.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na ceanglais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma[3];
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a dhualgais/a dualgais a chomhlíonadh[4];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit den Aontas Eorpach nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a cheart/a ceart iomlán mar shaoránach[5];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

# B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo.

## Taithí ghairmiúil/eolas:

- Trí bliana de thaithí ghairmiúil ar a laghad, tar éis an dioplóma a bhaint amach, a fuarthas i bpoist atá ábhartha don sainchuntas poist;
- Leibhéal oideachais, de réir na riachtanas foirmiúil a luaitear thuas, i réimse ábhartha (e.g. Ríomheolaíocht, Innealtóireacht Ríomhaireachta, Teicneolaíochtaí Faisnéise nó cáilíochtaí acadúla coibhéiseacha);
- Taithí ar mhodheolaíochtaí bainistíochta tionscadal/clár agus ar mhodhanna lúfara amhail PM2, DevOps, SAFe nó Scrum;
- Taithí ar sholáthar agus/nó bainistiú conarthaí seirbhísí TF;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

## Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Dírithe ar cháilíocht, ar sheirbhís agus ar thorthaí a chur ar fáil;
- Sárscileanna cumarsáide agus idirbheartaíochta;
- Dea-scileanna doiciméadúcháin agus breactha nótaí a thógáil;
- An cumas pleanáil a dhéanamh roimh ré, deacrachtaí a réamh-mheas agus bearta ceartaitheacha a mholadh nuair is gá;
- An cumas oibriú faoi bhrú;
- An cumas caidreamh comhoibríoch a chothú le custaiméirí agus le baill foirne tionscadail;

3 Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

4 I gcás iarrthóirí a bhfuil máthairtheanga acu nach teanga oifigiúil den chuid an Aontais í nó arb é Béarla a máthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).

5 Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, lena léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Sárscileanna um bainistiú coinbhleachta.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin ceanglais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

# Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Déantar tearcionadaíocht do mhná sa réimse gnó seo. Dá bhrí sin, moltar do mhná iarratas a dhéanamh.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar ghníomhaire ar conradh, de bhun airteagal 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach go ceann tréimhse cúig bliana chun an tionscadal EWRS a chumhdach. D'fhéadfadh an conradh a athnuachan ag brath ar mhaoiniú tionscadail. Is chuig **Feidhmghrúpa IV** a cheapfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne an Aontais go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí liosta ionadaithe a bhunú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an sprioc-am le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas seo, cruthaigh cuntas/logáil isteach i do chuntas trí chóras ríomh-earcaíochta ECDC, comhlánaigh gach cuid riachtanach den iarratas agus cuir isteach é. **Ní ghlacann ECDC le hiarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost, tríd an bpost ná ar aon mhodh eile.**

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach an dáta a fhógraítear san fhógra folúntais i mBéarla.  Moltar duit d'iarratas a chur isteach tamall maith roimh an sprioc-am ar fhaitíos go mbeidh fadhbanna teicniúla agat agus/nó go mbeidh brú ar an suíomh gréasáin. Ní ghlacfaidh ECDC le haon iarratas tar éis an sprioc-ama. Nuair a bheidh d'iarratas curtha isteach agat, gheobhaidh tú teachtaireacht ríomhphoist uathoibríoch lena ndearbhófar go bhfuarthas d'iarratas. Cinntigh go bhfuil an seoladh ríomhphoist a thabharfaidh tú i do chuntas iarratasóra cruinn ceart agus go ndéanfaidh tú do ríomhphost a sheiceáil go rialta.

Tá treoir d'úsáideoirí maidir le ríomhearcaíocht agus treoir maidir le próiseas earcaíochta agus roghnúcháin ECDC le fáil ar ár suíomh gréasáin:

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Gheofar an t-aistriúchán[6] ar an bhfógra folúntais seo i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh anseo:

https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/work-ecdc/recruitment/vacancies/vacancy-translations

6 Cé gur aistríodh an fógra folúntais seo go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh ón mbunleagan Béarla, is é Béarla gnáth-theanga oibríochtaí na Gníomhaireachta ó lá go lá. Dá bhrí sin, is fearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.